Tírdhreachtú & Mionsonraí Críche

8.1 Coimeád, Athsholáthar, Athphlandáil

Bhí ról tábhachtach ag tírdhreachtú ar Fhorbairtí Íseal Tionchair san am a chuaigh thart.

Bhí na tithe cónaithe traidisiúnta beag ó thaobh airde agus méide agus, de ghnáth, suite go maith siar ó na príomhbhóithre le cabhsaí chúnga fhoscaíocha isteach chucu. Cuireadh crainn agus toir in aice an tí, le fad an chabhsa agus thart ar an chlós feirme d'aon ghnó chun foscadh a chur ar fáil ón tsíon.

Ba chóir do thógálaí tí an lae inniu tuiscint a bheith aige ar na buntáistí **breise** a bhaineann le héifeacht forbraíochta, le príobháideacht, le tarraingteach agus le soláthar gnáthóg.
Tá na treochtaí ar na mallaibh i bhfabhar tithe móra ar thaobh an bhealaigh agus ciallaíonn sé seo go bhfuil **Tionchar Ard** ag forbairtí úra de bharr a ndearaidh agus a suímh. Go minic, déantar suímh do thithe úra tuaithe a ghlanadh amach go hiomlán, ag fágáil suíomh tógála folamh, nó gearrtar agus líontar iad go fuarchúiseach.
Bíonn an chuma ar thithe a ndéantar an cineál seo tógála orthu, gur "caitheadh anuas" sa tírdhreach iad in ionad a bheith ceangailte léi agus d'fhéadfadh sé nach bhfóirfeadh siad choíche dá dtimpeallacht siocair go mbeidh deacrachtaí lena dtionchar a mhaolú de bharr a n-ardáin chrua, a loime agus an t-am atá de dhíth le plandáil úr a theacht chun tosaigh.

Cuideoidh roghnú maith suímh leat suíomh a phiocadh a chuirfeas ar do chumas nascadh agus oibriú leis an tírdhreach in ionad a bheith ag obair ina héadan. A bhuíochas do na gnéithe atá ansin cheana féin a choinneáil – crainn, toir agus claíocha cloch, beidh an suíomh fréamhaithe san áit, chan scartha uaithi.

Coinnigh Cuimhne

Ní oibríonn an nádúr i línte díreacha gairbhe. Trí mhaolú a dhéanamh ar chuma na forbraíochta, leagan amach righin foirmeálta a sheachaint, úsáid a bhaint as ábhair nádúrtha agus cuair mhíne neamhfhoirmeálta, beidh do theach ag cur lena shuíomh tuaithe.

Mar thoradh ar bhrú forbraíochta agus nósanna diansaothraithe talmhaíochta, cailleadh cuid mhór den chlúdach crann. Má chuirtear fálta úrnua agus crainn dhúchasacha, ní amháin go gcuirfear ar ais cuid den ghnáthóg a scriosadh i dtógáil do thí ach cuideoidh tú fosta le méadú a dhéanamh ar chlúdach crann an Chontae. Meallfaidh gairdíní den tsóirt sin fiadhúlra chucu chomh maith le timpeallacht maireachtála suimiúil tarraingteach a chur ar fáil.

8.2 Ag cruthú ceangal leis an talamh

Roghnaigh suíomh ag a bhfuil críocha de thoir fhásta nó claíocha cloch. Nó de rogha air sin, cruthaigh críocha fóirsteanacha úrnua. Déan an phlandáil ar mhaithe le foscadh, príobháideacht agus mainnear a chruthú agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú nó a thabhairt ar ais.

Déan suirbhé ar an suíomh nuair atá tú a leagan amach agus cuir aithne ar na crainn, na claíocha agus na fálta atá le bheith coinnithe chomh maith leis na háiteanna ina dtig plandáil úr a dhéanamh. Bhéarfaidh crainn agus toir fhásta foscadh do phlandáil úr ar bith a ba mhaith leat a dhéanamh. Ba cheart i gcónaí a laghad crann, claíocha agus fálta agus is féidir a bhaint anuas.

Bí cinnte agus gur in iúl don tógálaí cad iad na gnéithe atá ansin cheana féin atá tú ag iarraidh a choinneáil lena chinntiú nach scriosfar nó nach ndéanfar damáiste dóibh trí thimpiste. Tig leat plandáil a dhéanamh in áiteanna áirithe roimh an fhorbairt nó ag an am céanna léi, más féidir, agus déan cinnte **i gcónaí** go bhfuil plandáil fothana idir do theach agus an bóthar

Chomh fada agus is féidir, coinnigh na críocha le taobh an bhealaigh mhóir. Má chaithfear iad a thabhairt ar shiúl, ba chóir iad a thógáil arís, go speisialta claíocha cloch, agus úsáid a bhaint as an chineál céanna cloch agus modhanna tógála a bhí sa chlaí bunaidh

Bain úsáid as ábhar áitiúla, macasamhail cloch nó gairbhéal áitiúil, faoi choinne ballaí, cabhsa tiomána agus araile. Ba chóir iad a úsáid fosta i ndéanamh cosáin siúil thart ar an teach cionn is go gcuidíonn a leithéid d'ábhair nádúrtha le nascadh an tí leis an suíomh.

Má fhágtar spás fá choinne bláthcheapacha in éadan an tí, cuideoidh sé sin le nascadh an tí isteach sa suíomh. Cruthaíonn claíocha cloch, fálta agus plandáil in aice an tí ceangal níos láirde idir an teach agus an suíomh

Is beag teach traidisiúnta a raibh cosáin nó 'sráideacha' thart orthu, á scaradh amach ón na cuibhrinn ina raibh siad suite. Má ligtear don léana/plandáil teagmháil le ballaí an tí, cuirfear an teach 'ar ancaire' sa suíomh agus agus beidh cuma níos séimhe air.

Má tá léana mór glas i gceist, bris suas é le spásanna ciumhsóige, gairbhéil agus araile. Táthar ag éirí tugtha do mhóinéir mar mhalairt ar léana agus tá pór blátha fhiáine dhúcasacha a oireann do gach uile sórt créafóige le fáil go fairsing. Cuireann móinéir de bhlátha fhiáine neart dathanna ar fáil, tá siad nádúrtha, cuireann siad gnáthóg luachmhar ar fáil agus is beag cothabhála atá de dhíth orthu. D'fhéadfá smaoineamh fosta ar úllord ná fiú ar gharraí glasaraí nó luibhghort!

Féach le forbairt a chruthú ar a bhfuil cuma nádúrtha trí úsáid a bhaint as ábhair nádúrtha – tig le plandaí dreaptha a bheith ina gcuidiú mór chun cuma an tí a dhéanamh níos séimhe agus é a chomhthathú sa tírdhreach le cois go dtig leo feidhmiú mar insliú.

3 Suímh Cósta/Sléibhe

D'fhéadfadh plandáil a bheith deacair ar shuímh cósta agus ar shuímh sléibhe. Ina leithéid de láithreacha, caithfear an bhuntáiste is mó a bhaint as na gnéithe nádúrtha tíre atá ar fáil ar mhaithe le himeascadh a dhéanamh. Is féidir claíocha cloch agus mullóga a úsáid go han-éifeachtach chun forbairtí a imeascadh agus a cheangal leis an taobh tíre, (Féach Aguisín i gcomhair Oiriúnacht Créafóige & Speicis).

Ina leithéid de láithreacha, ba chóir dearadh tí le tionchar íseal a roghnú. Is é an dearadh is fearr ná ceann ina bhfuil an airde íseal le plean urláir cúng, (Féach Cuid 9, Dearadh Tí). B'fhearr na speicis sin a fhásann go nádúrtha sa cheantar a choinneáil, speicis macasamhail aiteannach, fraoch agus muiríneach. D'fhéadfaí cur leo seo trí speicis oiriúnacha a chur atá in inmhe fás in áiteanna doineanta loma; ba chóir go mbeadh d'ionad garraíodóireachta áitiúil ábalta tú a chur ar an eolas cheart.

Tá buntáiste breise ag boigeacht an tírdhreachtú thart ar thithe atá suite i gceantair mar seo siocair go gcruthaíonn sé timpeallacht mhaireachtála fhoscaíoch i gceantair atá cleachtaithe le haimsir gharbh ó shéasúr go séasúr!

8.4 Seachain

Seachain achar ollmhór de léana glas thart ar an teach nó síos go críochantacht an bhealaigh mhóir; amharcann sé seo iontach bréagach le cois go bhfuil an-chuid cothabhála de dhíth air agus go leor leor fiailicíd le cúl a choinneáil ar chaonach agus lustan.

Seachain cosáin chrua tírdhreachtaithe (coincréit agus tarramhacadam, mar shampla) thart ar do theach go huile is go hiomlán, siocair go gcruthaíonn siad seastán crua bréige a scoitheann an teach ón suíomh i ndáiríre.

Seachain carranna a pháirceáil os comhair do thí; tig leis seo cuma ghránna a chur ar an áit agus arís, scoitheann sé an teach ón suíomh.

Seachain soilse tiontaithe anairde ar fhoirgnimh nó cuaillí ornáideacha lampa le fad cabhsaí; níl siad seo fóirsteanach ar chor ar bith agus tá siad ina gcúis le truailliú solais. Ba chóir go mbeadh na soilse ar scála beag agus dírithe ar cheantar beag.

Seachain táirgí agus maisiúcháin coincréite réamhtheilgthe; níl siad fóirsteanach do gharraí tuaithe agus éiríonn siad dídhaite thar am.

Seachain leagan amach uirbeach ar gharraí agus fálta móra aonchineálach, mar shampla leylandii.

Seachain plandaí coimhthíocha, cosúil le speiceas pailme, buaircíneach agus a leithéidí, a bhfuil cuid mhór cothabhála ag teastáil uathu. Tá cineálacha dúchasacha báúil leis an fhiadhúlra, i bhfad níos saoire, tá siad ar fáil go háitiúil agus is fíor bheagán cothabhála atá de dhíth orthu.



Cóireáil Uirbeach ar an Suíomh - Scarann sé an suíomh ón taobh tíre



Cabhsaí le tírdhreachtú crua –Scarann se an teach ón Suíomh



Cuibhreann agus Plandáil Nádúrtha sa tosach – Cuidíonn sé an suíomh agus an teach a nascadh leis an timpeallacht



Claí agus Plandáil Nádúrtha in aice an tí – cuireann sé Cuma níos séimhe ar an áit



8.5 Ag Cruthú Bealaí Isteach agus Críocha Úra

8.5.1 Fáltaí agus Criosanna Foscaidh Úra

Roghnaigh cineálacha tor agus crann atá dúchasach don cheantar agus a chaomhnaíonn féiniúlacht réigiúnach agus áitiúil.

Fásfaidh na speicis dhúchasacha go maith sa chréafóg áitiúil; beidh siad níos saoire, beidh siad ar fáil go háitiúil, beidh teacht anair i bhfad níos fearr iontu agus ní bheidh cothabháil ar bith, nó fíorbheagán, de dhíth orthu.

Seachain speiceas de chineál amháin a chur; ina áit sin, cuir *rogha* de chineálacha dúchasacha agus tabhair aird ar leith ar imeascadh na speicis a dtagann bláth orthu, cionn is go gcuireann siad seo bia ar fáil don éanlaith agus do fhiadhúlra eile le cois go n-amharcann siad go deas.

Faoi choinne an toradh is fearr a fháil, cuir crainn thall is abhus i measc na dtor. Cuirfidh na crainn foscadh ar fáil agus beidh cuma i bhfad níos nádúrtha air nuair a bheidh said go léir fásta.

Ba chóir crainn agus toir a chur idir mí na Samhna agus mí Mhárta; níor cheart iad a chur le linn séasúir fáis (nuair atá duilleoga agus bachlóga ag borradh) siocair go bhféadfadh athphlandáil ag an am sin crann a chrapadh nó fiú a mharú.

Tig plandáil de chrios foscaidh a dhéanamh níos fearr má mheasctar speicis nach bhfuil ar aon airde le chéile.
Déanfaidh leibhéil arda ar aghaidh síne damáiste de chrainn; ar an tséala sin, bain buntaiste as gnéithe tíre áitiúla ar bith atá ar fáil agus seachain mullaí fánaí.

Cuimhnigh

Fásann crainn! Bí cinnte go gcuireann tú cinn atá fóirsteanach do do shuíomh agus do do theach; má chuireann tú crainn cosúil leis an phoibleog mar shampla, a fhásann go hard agus a spréann a cuid fréamhacha amach, in aice le do theach, d'fhéadfadh sé go gcaithfí a leithéid a ghearradh anuas lá níos faide anonn. Tá crainn nach bhfásann rómhór níos fóirsteanaí do shuímh bheaga agus meánmhéide.

Ba chóir go mbeadh d'ionad garraíodóireachta áitiúil ábalta tú a chur ar an eolas fá chrainn fholláine oiriúnacha do do shuíomh chomh maith le treoir a thabhairt duit fá riachtanais agus achair plandála.



Síneann an Chrios Foscaidh a chruthaíonn crann achair 20 uair níos faide ná Airde an Chrainn

8.5.2 Claíocha Úra

I nDún na nGall de ghnáth, bíonn na claíocha cloch agus na galláin ag bealaí isteach, cé acu atá siad péinteáilte, rindreáilte nó lom nó nach bhfuil, bíonn siad i gcónaí breá láidir agus *simplí* ó thaobh dearaidh. Ní úsáidtear ach réimse teoranta ábhar lena dtógáil. Ba chóir go ndéanfaí aithris ar an stíl sin nuair atáthar ag tógáil claíocha piléir úra.

Tá béim láidir cothrománach ag baint le claíocha cloch Dhún na nGall siocair go dtógtar iad le clocha aonaracha ina luí cothrománach taobh le taobh agus i mullach a chéile. Is é seo an prionsabal céanna a úsáidtear le claíocha gan aon mhoirtéar. Sa léaráid thall, tá an tógálaí ag cur aghaidh cloiche ar bhalla bloic agus é ag úsáid na sean modhanna traidisiúnta tógála.

Go minic ba ghnách claí fóid nó fál a chur ar uachtar an bhalla traidisiúnta. Amharcann a leithéid go deas agus laghdaíonn sé an airde agus méid na gcloch a bheadh de dhíth.

Lean claíocha tuaithe luí an talaimh, ní dhearnadh “céimniú” orthu lena gcur in oiriúint don fhána.

Tá carachtar thírdhreach Dhún na nGall bunaithe sna héagsúlachtaí traidisiúnta áitiúla, macasamhail mullóg choincréite, leac ingearach le barr cloiche, nó cloch ar mhullach galláin. Tá na héagsúlachtaí seo thar a bheith taitneamhach le hamharc orthu, cothaíonn siad suim agus féiniúlacht áitiúil agus go minic tugann siad inspreagadh do thógálaithe úra claíocha!

Má bhaintear úsáid as balla rindreáilte, ba chóir lenúint de na prionsabail céanna, sé sin simplíocht agus téagarthacht i línte glan díreach nó cuartha agus na piléir a bheith breá toirteach.

Ba chóir go mbeadh geataí tuaithe deartha go simplí traidisiúnta, déanta i miotal nó adhmad d'ardchaighdeán agus béim láidir chothrománach a bheith acu.



8.5.3 Seachain

Seachain Bloc-obair Nocht

Seachain Mearógbhreacadh

Seachain Coincréit Réamhtheilgthe

Seachain Bricí Ornáideacha

Seachain Iarann Ornaideach

Seachain Ballaí Cúnga Aon Bhloc ar Doimhne

Seachain Barrchríochnú Cúng

Seachain Iliomad Piléar agus Céimeanna Singilte

Seachain Dearadh Neamhshlachtmhar le Siúntaí Móra Moirtéire

Seachain Rudaí Cathrach Rómhaisithe

Seachain Sconscaí d'Adhmad Lag Tanaí

Seachain Sconscaí Coinreite agus Sreanga

Seachain Geataí agus Bacáin Solais Móra Ornáideacha CeartingearachBealach







8.5.4 Bealach Isteach, Cabhsaí agus Soilse

Nuair atá tú ag déanamh bealach isteach fhad le do theach, seachain cabhsaí i línte atá díreach righin cionn is nach gcuireann siad leis an tírdhreach tuaithe agus go seasann siad amach go feiceálach ó phíosa fada ar shiúl. Lean fána agus luí an talaimh nó déan iad a thrasnú go bog.



Ní oireann ábhair mar tarramhacadam, coincréit, bríce, asfalt agus araile do shuíomh tuaithe. Is fearr i bhfad a oireann gairbhéal, scealpóga cloiche nó “tarra agus scealpóga”.

San am i láthair, tá luisne na spéire san oíche ó fhás na gceantair uirbeacha ag spréadh amach go leitheadach. Táthar ag cur suas soilse sráide aonuaire i gceantair tuaithe, áit nach bhfuil gá leo. Lena chois sin, tá cuid mhór tithe tuaithe ag úsáid soilse slándála agus tuilsoilse nach bhfuil fóirsteanach ar chor ar bith.

Tá tionchair mhóra ag truailliú solais ar fhiadhúlra, ar chumas feiceála spéir na hoíche agus ar chur amú leictreachais.
Maidir le soilse sráide aonuaire i gceantair tuaithe, níor cheart go mbainfidh úsáid astu lasmuigh de chomharthaí críche baile mhóir, seachas i gcásanna eisceachtúla.
Níor chóir tuilsoilsiú a chur isteach. Ba chóir do shoilse slándála a bheith iompaithe i dtreo an talaimh agus feidhmiú de réir bogadaí nó amlaisc.

Ba chóir cuaillí ornáideacha lampa le fad an chabhsa a sheachaint – beidh cuma uirbeach orthu.